

Ráiteas faoi Leanaí a Chumhdach

Mí na Samhna 2020

Réamhrá

Bord Iascaigh Mhara (BIM) an ghníomhaireacht stáit atá freagrach Tionscal Bhia Mara na hÉireann a fhorbairt trí bhonn treise a chur faoi luach breise a chruthú in earnáil inmharthanach bia mara ar fud an tslabhra soláthair, ó bhreith ar an iasc go mbíonn á cheannach ag an tomhaltóir. Cuidíonn BIM le Tionscal Bhia Mara na hÉireann a thabhairt chun cinn trí shaineolas teicniúil, cúnamh agus cistíocht gnó agus oiliúint a chur ar fáil agus trí ghnás oibre atá freagrach ó thaobh na timpeallachta a chur chun tosaigh.

Tá dhá Choláiste Náisiúnta Iascaigh, ina bhfuil aonaid oiliúna cois cósta, á rith ag BIM sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Cuirtear cúrsaí speisialta oiliúna ar fáil sna coláistí seo do dhaoine atá ag obair faoi láthair i dtionscal bhia mara na hÉireann nó a bhfuil de rún acu tabhairt faoi shaol oibre sa tionscal sin. Déanann BIM freastal don éileamh trí roghanna oiliúna a chur ar fáil do dhaoine ceithre bliana déag d'aois agus níos sine ná sin.

Eagraítear Cúrsa Oiliúna 3 lá Ionduchtúcháin maidir le Bunghnéithe Sábháilteachta mar chuid den uile chúrsa agus díreann lena linn sin ar Theicnící Pearsanta chun Teacht Slán, ar Bhunchúrsa Garchabhrach, ar Chomhrac Dóiteáin agus ar Chosc Dóiteáin. Cuirfear daltaí/foghlaimoirí ar an eolas freisin faoi ráiteas BIM maidir le Leanaí a Chumhdach agus faoin bPolasaí agus na Gnáis Oibre maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020.

Tá measúnú baoil déanta ag BIM d'fhonn réimsí ionchais baoil, don lucht foirne agus don lucht foghlama i gColáistí BIM, sna hAonaid Oiliúna Cois Cósta agus in oifigí éagsúla BIM, a chur ar neamhní agus a mhaolú. Is féidir tuairisc mhion, de réir na seirbhísí faoi leith, ar an measúnú baoil maidir le leanaí a chumhdach, a chur ar fáil má scríobhtar chuig healthandsafety@bim.ie

Tá an Ráiteas seo faoi Leanaí a Chumhdach ag teacht lena n-éilítear faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoi Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017. Leagtar amach sa ráiteas na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na prionsabail agus na gnáis oibre atá i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú, a oiread agus is féidir sin, go mbíonn leanbh/duine óg a thapaíonn seirbhís de chuid BIM, nó ag a mbíonn caidreamh le BIM, slán ó íde nó ó dhíobháil. Tá measúnú baoil maidir le "díobháil" do leanbh nó do dhuine óg le linn seirbhísí de chuid BIM a thapú nó bheith i gcaidreamh le BIM ina chuid den ráiteas seo. Leagtar amach go sonrath gnáis oibre d'fhonn bainistíocht a dhéanamh maidir leis na réimsí baoil sin.

Rinneadh an cháipéis seo a leagan amach faoi anáil na gcáipéisí seo a leanas:

- An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015
- “Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí”. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2017
- “Treoir maidir le Ráiteas faoi Leanaí a Chumhdach a leagan amach” (tusla.ie)
- “Cad is measúnú baoil ann?” (tusla.ie)

An coinníoll faoin dlí atá ar BIM Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a leagan amach

Mar seo a leanas atá ceangailte faoin dlí ar BIM, seirbhís ábhartha, Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a leagan amach:

Faoi Alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 éilítear ar an soláthraí maidir le seirbhís ábhartha a chinntiú, chomh mór agus is féidir, go mbíonn gach leanbh a bhaineann úsáid as seirbhís de chuid an tsoláthraí slán ó dhíobháil an tráth a mbíonn leas á bhaint as an tseirbhís sin.

Ciallaíonn soláthraí i ndáil le seirbhís ábhartha, duine

- a chuireann seirbhís ábhartha ar fáil, agus
- i ndáil le seirbhís ábhartha den sórt sin a chur ar fáil -
 - a fhostaíonn (cibé an faoi chonradh fostaíochta nó ar bhealach eile) aon duine amháin nó líon is mó ná aon duine amháin chun tabhairt faoi obair nó faoi bheartaíocht ar bith a bhaineann le seirbhís ábhartha,
 - a cheanglaíonn conradh maidir le seirbhísí le haon duine amháin nó líon daoine is mó ná aon duine amháin i ndáil le seirbhís ábhartha arna cur ar fáil ag an duine sin, nó
 - a cheadaíonn d'aon duine amháin nó do líon daoine is mó ná aon duine amháin (cibé an maidir le cúiteamh tráchtála nó cúiteamh ar bith eile nó nach ea agus cibé an mar chuid de chúrsa oideachais nó oiliúna, scéim intéirneachta san áireamh, nó nach ea) tabhairt faoi obair nó gníomhaíocht de chineál ar bith, thar ceann an duine, is ionann agus seirbhís ábhartha.

(Ceadaítear Sceideal 1 leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 maidir le sainmhíniú iomlán ar sheirbhísí ábhartha, Aguisín 2 le Polasaí BIM maidir le Leanaí a Chumhdach)

Tá dlite ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha dá sórt, mar shampla BIM, faoi Alt 11 (2) an Achta:

- Measúnú a dhéanamh ar gach ábhar baoil, an dóigh go dtarlódh díobháil do leanbh le linn don leanbh an tseirbhís a thapú san áireamh.
- Ráiteas faoi leanaí a chumhdach a ullmhú i gcomhréir le fo-alt (3), agus
- Duine ábhartha a cheapadh a bheidh ar an bpríomhphearsa caidrimh i ndáil leis an Ráiteas faoi Leanaí a Chumhdach.

Éilítear faoi Alt 11(3) san acht go mbeadh measúnú i scríbhinn ar an mbaol a bheadh i gceist ina chuid de ráiteas den sórt sin maidir le leanaí a chumhdach agus go leagfaí amach go sonrach, ina leith sin, na gnáis oibre atá i bhfeidhm:

- D'fhonn bainistíocht a dhéanamh maidir le haon réimse baoil a shonraítear.
- I ndáil le baol ar bith den fhoireann is ábhar do bheart imscrúdúcháin (cibé tuairisc a bheadh air sin) maidir le gníomh, faillí nó cúinse ar bith a bhaineann le leanbh ag a bhfuil an tseirbhís ábhartha á tapú.
- Maidir le duine ar bith a roghnú nó a earcú ar fhoireann an tsoláthraí i ndáil le hoiriúnacht an té sin a bheith ag obair le leanaí.
- Maidir le heolas a chur ar fáil, agus, de réir mar is gá, treoir agus oiliúint a chur ar fáil, do bhaill d'fhoireann an tsoláthraí maidir le cás díobhála a thabhairt chun suntais.
- Maidir le tuairisc a thabhairt don Ghníomhaireacht (TUSLA, Gníomhaireacht na Leanaí agus an Teaghlaigh) ag an soláthraí nó ag ball d'fhoireann an tsoláthraí (duine sainordaithe nó duine eile) i gcomhréir leis an acht nó leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi Alt 6 (Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta, 2017).
- Maidir le liosta de na daoine (más ann dóibh) a bhaineann leis an tseirbhís ábhartha ar daoine sainordaithe iad, agus
- Maidir le duine ábhartha a cheapadh chun críche an chuid den Acht atá faoi chaibidil.

Is í an duine ábhartha maidir le BIM:

Sarah Delaney

Teileafón: +353 1 2144 211

Rphost: Sarah.delaney@bim.ie

NB: Luaitear sa Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí gur chóir do sholáthraithe seirbhísí ábhartha duine ainmnithe a cheapadh a bheidh i gceannas maidir leis na bunphrionsabail agus na gnáis oibre chun leanaí a chumhdach a chur i bhfeidhm. Tá an duine céanna sin freagrach chomh maith as a chinntiú go mbíonn na polasaithe agus na gnáis oibre ag teacht leis an sárchleachtas de réir mar a leagtar sin amach sa Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí 2017.

An **Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide** an duine ainmnithe maidir le BIM.

An Eagraíocht

Is samplaí iad seo a leanas de sheirbhísí ábhartha de chuid BIM:

- Oiliúint ar leanaí/daoine óga i gcoláiste ar an láthair nó in ionad eile, mar shampla:
 - Bunchúrsa Sábháilteachta/Cúrsa Ionduchtúcháin
 - Bunchúrsa an Mhairnéalach Boird ar Bhád Píolótaíochta
 - Teastas i Scileanna an Cheannaí Éisc

NÓTA: Bíonn daoine fásta freisin ag freastal ar chúrsaí dá sórt.

- Cúrsaí nó oiliúint a chur ar fáil do dhaltaí na hidirbhliana

Cineál na Seirbhíse

Tá 140 ball foirne fostaithe ag BIM go díreach agus leagtar de phríomhfheidhm ar an eagraíocht an cúnamh náisiúnta d'earnáil an iascaigh, an dogharshaothraithe agus na próiseála a riar. Sonraítear ceithre réimse a bhfuil príomhthábhacht leo maidir leis an straitéis i leith na n-earnálacha sin:

- Scileanna
- Cúrsaí Inmharthanachta
- Nuáil
- Acmhainn Iomaíochta

Tá BIM tugtha do chuidiú le dul chun cinn chomh mór agus is féidir a dhéanamh maidir le tionscal an bhia mara.

NÓTA: D'fhéadfadh caidreamh a bheith lá i ndiaidh lae i mbun na hoibre dóibh ag roinnt d'fhoireann BIM le leanaí/daoine óga agus d'fhéadfadh nach dtarlódh sin ach ó am go chéile i gcás bhaill eile den fhoireann. Leag BIM an ráiteas seo faoi leanaí a chumhdach amach i ndáil le seirbhísí uile BIM, seirbhísí ar shuíomh de chuid BIM agus seirbhísí i láithreacha eile. Beidh de chúram ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha (conraitheoirí) atá ag feidhmiú i gcomhar le BIM nó a úsáideann áiseanna de chuid BIM, mar shampla an Seomra Ranga Dobharshaothraithe Athláithreach, polasaí agus gnáis oibre dá gcuid féin atá ag teacht le Tús Áite do Leanaí a bheith i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh measúnú baoil maidir le leanaí a chumhdach, ráiteas faoi leanaí a chumhdach agus dearbhú maidir le duine ábhartha a cheapadh san áireamh leis an bhfaisnéis sin. Níl de chúram ar BIM dearbhú cáilíochta a dhéanamh maidir le cáipéisíocht den sórt sin.

Bunphrionsabail d'fhonn Leanaí a Chumhdach

Prionsabail d'fhonn leanaí a chumhdach agus iad a choinneáil sábháilte ó dhíobháil

Tá BIM tugtha do chur chuige atá dírithe ar an leanbh maidir le seirbhísí a chur ar fáil agus maidir le húsáid as áiseanna de chuid BIM ag an uile dhuine faoi bhun 18 bliana d'aois. Tugtar san áireamh go sonrach:

- Gach duine faoi bhun 18 bliana d'aois atá ag obair nó faoi oiliúint ag BIM.
- Daltaí Idirbhliana faoi bhun 18 bliana d'aois atá i mbun socrúcháin oibre.
- Baill foirne sealadacha faoi bhun 18 bliana d'aois.

Tá BIM dúthrachtach maidir leis na bunphrionsabail seo a leanas i ndáil le leanaí/daoine óga a chumhdach agus le seirbhísí ábhartha atá dírithe ar an leanbh a choinneáil ar bun:

- Go bhfuil cúram ar an uile dhuine maidir le sábháilteacht agus leas leanaí agus dhaoine óga.
- Go bhfuil barrthábhacht le leas, sláinte agus sábháilteacht leanaí agus dhaoine óga a chur chun cinn.
- Go gcaitear le teann measa le leanbh nó le duine óg atá ag freastal ar ionad de chuid BIM agus ag úsáid áiseanna de chuid BIM agus go spreagtar iad chun a bhfuil d'acmhainn iontu a bhaint amach, gan bheann ar mhianach nó ar dhúchas.
- Go gcaitear go cothrom le leanbh nó duine óg a chuireann ábhar buartha maidir le cúrsaí leasa nó drochúsáide in iúl agus go mbíonn aird ag an lucht foirne orthu.
- Go ndéanann BIM bainistíocht mar is cuí i ndáil le haon ábhar buartha maidir le cúrsaí leasa nó drochúsáide a chuirtear in iúl do bhall foirne de chuid BIM. Beidh an beart a dhéantar i gcomhréir leis an sárchleachtas mar a leagtar amach i dTús Áite do Leanaí 2017 agus ag teacht le Polasaí agus na Gnáis Oibre BIM maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020.
- Go bhfuil gnáis shábháilte bainistíochta ar bun maidir leis an uile dhuine den fhoireann, i ndáil le cúrsaí earcaíochta, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus oiriúnacht an duine maidir le hoibriú le leanaí.
- Go ndéantar daoine ainmnithe caidrimh agus daoine sainordaithe i ndáil le leanaí a chumhdach a shonrú agus a chur faoi oiliúint agus gur eol don uile dhuine den fhoireann agus do na hoibrithe saorálacha cé na daoine atá i gceist.
- Go bhfuil gnáis shábháilte oibre ar bun agus á gcur i bhfeidhm maidir lena ndéantar sa chás go líomhnaítear drochúsáid á imirt ar leanbh/duine óg ag ball den fhoireann.
- Go bhfuil gnáis oibre ar bun maidir lena ndéantar sa chás go líomhnaítear drochúsáid á imirt ar leanbh ag an dara leanbh/duine óg.

- Go bhfuil plean oiliúna faoi leith i bhfeidhm maidir le leanaí a chumhdach ionas go gcinntítear gach ball den fhoireann ar an eolas faoin ról atá leo féin maidir le leanaí a choinneáil sábháilte agus d'fhonn aird agus tuiscint ar a dtagann i gceist a chothú ar fud na heagraíochta.
- Go bhfuil gnás oibre atá slán soiléir á thabhairt chun cinn agus á choinneáil ar bun ag BIM maidir le tuairisc a choinneáil ar ábhar buartha a luaitear maidir le leas agus cosaint leanaí. An tOifigeach Caidrimh Ainmnithe a choinneoidh tuairiscí den chineál sin.
- Go bhfuil cód iompair i bhfeidhm don lucht foirne ina leagtar amach a bhfuil de chúram orthu i mbun caidrimh le leanaí agus le daoine óga.
- Go bhfuil cód iompair i bhfeidhm ina leagtar amach a bhfuil de chúram ar leanaí agus ar dhaoine óga maidir leis an gcaidreamh a bhíonn acu lena chéile agus le daoine fásta le linn dóibh ionad de chuid BIM a fhreastal nó leas a bhaint as seirbhís de chuid BIM.
- Go n-adhmaíonn BIM an tábhacht atá, maidir le leanaí a choinneáil sábháilte, le hoibriú ghníomhaireachtaí in éineacht lena chéile agus, dá réir sin, tá caidreamh oibre cothaithe leis na gníomhaireachtaí reachtúla a bhaineann le hábhar e.g. An Garda Síochána agus Tusla.

Measúnú Baoil

Faoi mar atá dlite faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnú baoil maidir le leanaí a chumhdach déanta ag BIM. Rinneadh sin d'fhonn plean cumhdaigh a bheith i bhfeidhm trína ndéantar an baol d'aon leanbh nó duine óg a fhreastalaíonn áiseanna de chuid BIM agus/nó ag a bhfuil ceangal le seirbhís de chuid BIM, a mhaolú, oiread agus is féidir.

Leagtar amach an creatchóras maidir leis na bearta measúnaithe.

NÓTA: In Alt 11(1) (a) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 luaitear gur ionann priacail agus aon seans go dtarlódh díobháil do leanbh an tráth a mbeadh úsáid á bhaint ag an leanbh as seirbhís

Tugtar de shainmhíniú ar dhíobháil i ndáil le leanbh faoi Alt 2 san Acht gur ionann é agus:

- lonsaí, drochúsáid nó faillí i ndáil le leanbh ar bhealach atá ina chur isteach tromchúiseach nó ar dócha go mbeadh sé ina chur isteach tromchúiseach ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas an linbh, nó
- Drochúsáid ghnéasach as leanbh, cibé an gníomh, mainneachtain nó cúinsí in aon chás amháin is cúis leis sin nó sraith de chásanna nó eile.

Measúnú Baoil - Creatchóras Cuid 1

Arna líonadh isteach ag BIM, Meitheamh 2020			
Ceisteanna Ginearálta	Tá/Bíonn	Níl/Ní bhíonn	Ní fios
An bhfuil seirbhís á chur ar fáil i líon is mó ná aon ionad amháin?	X		
An mbíonn caidreamh ag an lucht foirne le leanaí agus le teaghlaigh i mbun seirbhís a chur ar fáil?	X		
An bhfuil cistíocht á thabhairt do dhreamanna/eagraíochtaí eile maidir le seirbhísí a chur ar fáil do leanaí? Má tá, an bhfuil na coinníollacha maidir le Tús Áite do Leanaí á sásamh acu ó thaobh polasaí agus gnáis oibre a leagan síos?			X

An bhfuil na coinníollacha maidir le Tús Áite do Leanaí a shásamh luaite ar na coinníollacha a ghabhann leis an gcistíocht?	X		
---	---	--	--

Measúnú Baoil - Creatchóras Cuid 2

Leagtar amach sa tábla thíos na réimsí baoil a shonraítear maidir le sábháilteacht leanaí agus dhaoine óga a mbíonn baint nó caidreamh acu le seirbhísí de chuid Bhord Iascaigh Mhara (BIM), chomh maith leis na bearta bainistíochta agus maolúcháin atá déanta ionas gur lú an baol go dtarlódh díobháil. Réimsí baoil iad seo a bhaineann le seirbhísí BIM.

Leagtar de chúram ar sheirbhísí ábhartha a dhéantar ar conradh do BIM lena mbaineann caidreamh le leanaí bainistíocht a dhéanamh maidir leis na réimsí baoil a bhaineann le hábhar dóibhsean agus bearta a dhéanamh chun an baol go dtarlódh díobháil a mhaolú.

*Rangú: B = Baol Beag, MB = Meánbhaol, H = Baol Mór (an tráth a mbíonn an creatchóras seo curtha i gcrích)

Cásanna baoil/díobhála ionchais a shonraítear maidir le leanaí	*Rangú B/ MB/ M	Bearta rialála reatha - an gnás oibre atá ar bun ar mhaithe le bainistíocht ar réimsí sonracha baoil	Bearta atá de dhíth, arna ndéanamh ag an Duine Ainmnithe - Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáide
Sa chás nach gceaptar duine ainmnithe a chinnteodh an tAcht a chur i bhfeidhm (An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015)	B	Tá duine ainmnithe leagtha amach. Tá sonraí an té sin ar eolas ag gach ball foirne agus gach conraitheoir ar an eolas	A chinntiú go mbíonn an duine ainmnithe ar an eolas faoina leagtar de chúram air/uirthi agus go gcuirtear tuairisc ar fáil gach 6 mhí don fhoireann bainistíochta faoi na gnéithe forfheidhmiúcháin agus faoi choinníollacha faoin Acht agus faoin Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí a shásamh

<p>Sa chás nach mbíonn ráiteas faoi na bunphrionsabail maidir le leanaí a chumhdach leagtha amach</p>	<p>B</p>	<p>Luaitear na bunphrionsabail maidir le leanaí a chumhdach i Ráiteas BIM maidir le Leanaí a Chumhdach i Ráiteas BIM maidir le Leanaí a Chumhdach agus i bPolasaí agus Gnás Oibre BIM maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach. Tá measúnú baoil i ndáil le leanaí a chumhdach ina chuid den ráiteas chomh maith</p>	<p>A chinntiú go mbíonn gach ball foirne agus gach duine nó comhlacht a fhostaítear ar conradh ar an eolas faoi na bunphrionsabail</p>
<p>Sa chás nach bhfuil na pearsana buntábhachtacha maidir le leanaí a chumhdach leagtha amach, lena n-áirítear duine ainmnithe caidrimh (DAC) agus daoine sainordaithe (de réir mar is cuí)</p>	<p>B</p>	<p>Tá duine ainmnithe caidrimh agus oifigigh caidrimh cúnta leagtha amach</p>	<p>A chinntiú go mbíonn an córas cumhdaigh ar bun agus daoine oilte leis an taithí chuí ag obair sa chóras sin</p>
<p>Sa chás nach mbeadh sonraí comhfhreagrais DAC ar eolas</p>	<p>B</p>	<p>Luaitear sonraí caidrimh don uile DAC agus duine sainordaithe i gcáipéis pholasaí agus ghnás oibre BIM maidir le leanaí a chumhdach agus ar láithreán gréasáin BIM ar líne faoin teideal Leanaí a Chumhdach agus ar na fógraí maidir le cumhdach leanaí sna hionaid ar fad</p>	<p>A chinntiú go ndéantar an plean cumarsáide maidir le leanaí a chumhdach a chur i bhfeidhm</p>
<p>Sa chás nach mbeadh tuiscint glé ag gach ball den fhoireann ar rólanna DAC</p>	<p>B</p>	<p>Cuireadh faisnéis miontuairisce i ndáil le ról agus feidhm DAC ar fáil don uile dhuine den fhoireann agus do na daoine eile lena mbaineann mar chuid den chúrsa oiliúna maidir le Tús Áite do Leanaí</p>	<p>A chinntiú go ndéantar an plean oiliúna maidir le leanaí a chumhdach a chur i bhfeidhm</p>

<p>Sa chás nach mbeadh tuiscint ghlé ag gach ball den fhoireann ar rólanna dhaoine sainordaithe</p>	<p>B</p>	<p>Cuireadh faisnéis miontuairisce i ndáil le ról agus feidhm dhaoine sainordaithe ar fáil don uile dhuine den fhoireann agus do na daoine eile lena mbaineann</p>	<p>Mar a luaitear thuas faoi 5</p>
<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre leagtha amach maidir le liosta cruinn de na daoine sainordaithe a choinneáil</p>	<p>B</p>	<p>Tá gnás oibre leagtha amach maidir le liosta cruinn de na daoine sainordaithe a choinneáil agus an liosta sin faoi chúram an duine ainmnithe atá i gceannas maidir leis na gnéithe forfheidhmiúcháin a bhaineann leis an Acht</p>	<p>A chinntiú go n-ullmhaíonn an duine ábhartha liosta de na daoine sainordaithe agus go gcoinnítear an liosta cruinn</p>
<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre i bhfeidhm, ag teacht le Tús Áite do Leanaí, maidir le tuairisc a thabhairt ar ábhar buartha a thagann faoi scáth Thús Áite do Leanaí nó a bhaineann le leas linbh – nach mbeadh tuairisc mar is cuí á thabhairt ar líomhaintí, ábhar amhrais, ábhar buartha nó eolas maidir le drochúsáid leanaí</p>	<p>B</p>	<p>Tá Polasaí agus Gnás Oibre BIM maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020 ar fáil agus sin ag teacht leis na coinníollacha maidir le Tús Áite do Leanaí</p>	<p>A chinntiú go mbíonn an cháipéis seo fóinteach i gcónaí maidir le leanaí a chumhdach trí thús a chur le hathbheithniú ar an ábhar gach dara bliain nó níos luaithe ná sin sa chás go dtarlaíonn athrú ábhartha maidir le leasú ar an treoir náisiúnta nó ar an reachtaíocht</p>
<p>Sa chás nach bhfuil gach duine den fhoireann ar an eolas faoin ngá atá le TUSLA a chur ar an eolas má mheastar cúis réasúnta le buaireamh i ndáil le líomhain a bhaineann le drochúsáid linbh</p>	<p>B</p>	<p>Tá Polasaí agus Gnás Oibre BIM maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020 ar fáil ag an uile dhuine den fhoireann. Chomh maith leis sin, tá an modúl r-fhoghlama maidir le Tús Áite do Leanaí ar láithreán gréasáin TUSLA.ie déanta acu.</p>	<p>A chinntiú go ndéantar an plean oiliúna maidir le leanaí a chumhdach a chur i bhfeidhm</p>

<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre i bhfeidhm, ag teacht le Tús Áite do Leanaí, maidir le heolas a scaipeadh agus tuairisc a bhreacadh faoi gach ábhar buartha maidir le leanaí a chosaint nó leas leanaí, an chuid sin san áireamh nach meastar ar dtús cúis leordhóthanach leo go measfaí gur cúis réasúnach sin le hÁbhar Buartha</p>	<p>B</p>	<p>Tá gnás oibre i bhfeidhm, ag teacht le Tús Áite do Leanaí, maidir le heolas a scaipeadh agus tuairisc a bhreacadh faoi gach ábhar buartha maidir le leanaí agus daoine óga a chosaint nó leas leanaí agus dhaoine óga. Tagann an próiseas seo faoi bhainistíocht DAC</p>	<p>A chinntiú go bhfaightear tuairiscí tráthrialta gach 6 mhí ón duine ainmnithe</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaí i bhfeidhm maidir lena ndéantar nuair a thagann iarratas ar eolas thar ceann leanaí nó dhaoine óga a dtagraítear dóibh i dtuairiscí faoi chúrsaí cosanta agus leasa</p>	<p>B</p>	<p>Tá polasaí leagtha amach maidir lena ndéantar nuair a thagann iarratas ar eolas thar ceann leanaí nó dhaoine óga a dtagraítear dóibh i dtuairiscí faoi chúrsaí cosanta agus leasa</p>	<p>A chinntiú go bhfuil an polasaí seo i bhfeidhm faoi lár na bliana 2021</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaí maidir le rúndacht i bhfeidhm</p>	<p>B</p>	<p>Tá polasaí maidir le rúndacht i bhfeidhm</p>	<p>A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar a laghad gach dara bliain maidir le héifeacht an pholasaí seo i ndáil le leanaí a chumhdach</p>
<p>Sa chás nach mbeadh treoir maidir lena ndéantar nuair a thugann leanbh le fios gur tharla drochúsáid san áireamh leis na bunphrionsabail agus na gnáis oibre maidir le leanaí a chumhdach</p>	<p>B</p>	<p>Leagtar treoir maidir lena ndéantar nuair a thugann leanbh le fios gur tharla drochúsáid amach in An Polasaí agus na Gnáis Oibre maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020</p>	<p>A chinntiú go mbíonn gach ball foirne agus gach duine nó comhlacht a fhostaítear ar conradh ar an eolas faoin treoir</p>
<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre soiléir leagtha amach maidir lena ndéantar nuair a thugann duine fásta le fios gur tharla drochúsáid linbh agus go</p>	<p>B</p>	<p>Leagtar amach gnás oibre i bPolasaí agus Gnáis Oibre maidir lena ndéantar nuair a thugann duine fásta le fios gur tharla drochúsáid linbh agus go</p>	<p>A chinntiú go mbíonn gach ball foirne agus gach duine nó comhlacht a fhostaítear ar conradh ar an eolas faoin treoir</p>

<p>drochúsáid linbh agus go sonraítear go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol faoi láthair</p>		<p>sonraítear go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol faoi láthair</p>	
<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre soiléir leagtha amach maidir lena ndéantar nuair a líomhnaítear gur imir ball foirne nó oibrí saorálach drochúsáid ar leanbh</p>	<p>B</p>	<p>Tá gnás oibre ina leith seo ar bun agus tagairt dóibh i bpolasaí agus i ngnás oibre BIM</p>	<p>A chinntiú go mbíonn gach ball foirne agus gach duine nó comhlacht a fhostaítear ar conradh ar an eolas faoi na gnás oibre</p>
<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre leagtha amach i scríbhinn maidir lena ndéantar sa chás go ndéanfaí líomhaintí faoi leanbh nó faoi dhuine óg le ball foirne nó le hoibrí saorálach</p>	<p>B</p>	<p>Mar atá thuas</p>	<p>A chinntiú go mbíonn gach ball foirne agus gach duine nó comhlacht a fhostaítear ar conradh ar an eolas faoi na gnás oibre</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaí sceithreachta leagtha amach ionas gur féidir le ball foirne nó oibrí saorálach tuairisc sheachtrach a thabhairt faoi ábhar buartha má tharlaíonn bac orthu, ar chúis ar bith, tuairisc a thabhairt go himheánach</p>	<p>B</p>	<p>Mar atá thuas</p>	<p>A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar a laghad gach dara bliain maidir le héifeacht an pholasaí seo i ndáil le leanaí a chumhdach</p>
<p>Sa chás nach mbeadh gnás earcaíochta agus roghnúcháin, atá ag teacht le Tús Áite do Leanáí, i bhfeidhm maidir le hoiriúnacht dhuine oibriú le leanaí nó le daoine óga</p>	<p>B</p>	<p>Tá gnás shábháilte earcaíochta i bhfeidhm, grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda san áireamh, maidir le gach ball den fhoireann lena mbaineann</p>	<p>A chinntiú go gcuireann AD tuairisc ar fáil go tráthrialta gach 6 mhí maidir le coinníollacha faoi Thús Áite do Leanáí a shásamh agus gnás oibre sábháilte a bheith i bhfeidhm i ndáil le cúrsaí earcaíochta</p>

<p>Sa chás nach mbeadh straitéis oiliúna ag an eagraíocht faoi oiliúint maidir le leanaí a chumhdach atá bunaithe ar anailís ar riachtanais oiliúna</p>	<p>B</p>	<p>Tá straitéis oiliúna i ndáil le hoiliúint maidir le Leanaí a Chumhdach leagtha amach ag BIM</p>	<p>A chinntiú go dtugtar beart anailíse maidir le riachtanais oiliúna i ndáil le leanaí a chumhdach chun críche faoi lár na bliana 2021</p>
<p>Sa chás nach mbeadh an oiliúint a chuirtear ar fáil maidir le leanaí a chumhdach ag teacht leis an Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí 2017 agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015</p>	<p>B</p>	<p>Tá an oiliúint a chuirtear ar fáil don lucht foirne maidir le Leanaí a Chumhdach ag teacht leis an Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí 2017 agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015</p>	<p>A chinntiú go ndéantar gach gné den phlean oiliúna maidir le leanaí a chumhdach a chur i bhfeidhm go lánchuimsitheach</p>
<p>Sa chás nach mbeadh oiliúint maidir le leanaí a chumhdach, de réir mar a bhaineann lena ról san eagraíocht, curtha ar fáil don uile bhall den fhoireann agus don uile oibrí saorálach</p>	<p>B</p>	<p>Faoi dheireadh na bliana 2020, beidh oiliúint maidir le leanaí a chumhdach de réir an ról atá acu san eagraíocht curtha ar an uile bhall den fhoireann lena mbaineann. Beidh tuairisc á choinneáil ar an bpróiseas seo ag an duine ainmnithe agus ag an tseirbhís AD</p>	<p>A chinntiú go gcuireann an duine ainmnithe agus AD tuairiscí rialta ar fáil</p>
<p>Sa chás nach mbeadh tuairisc á choinneáil ag an eagraíocht ar na daoine a théann faoi oiliúint maidir le leanaí a chumhdach</p>	<p>B</p>	<p>Tá tuairisc ar na daoine a théann faoi oiliúint maidir le leanaí a chumhdach á choinneáil ag an duine ainmnithe agus ag an tseirbhís AD</p>	<p>Mar atá thuas</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaithe agus gnáis oibre i bhfeidhm a threiseodh leis an mbainistíocht ar ghníomhartha a mbíonn leanaí páirteach iontu</p>	<p>B</p>	<p>Déantar tagairt i gcáipéis Polasaí agus Gnáis Oibre BIM do ghnáis oibre trína dtreisiúint le bainistíocht shábháilte a dhéanamh ar bheartaíocht a mbíonn leanaí nó daoine óga páirteach iontu.</p> <p>Déantar measúnú baoil maidir le cúrsaí Sláinte</p>	<p>A chinntiú go gcuirtear sin i bhfeidhm go himmheánach agus le daoine agus/nó comhlachtaí seachtracha a bhfuil ceangal acu le seirbhísí nó ionaid de chuid BIM.</p>

		agus Sábháilteachta freisin maidir le bearta áirithe	
Sa chás nach mbeadh gnás oibre leagtha amach maidir le timpiste/eachtra a dtarlaíonn bhaint ag leanbh/duine óg leis	B	Déantar tagairt do cháipéis BIM faoin bpolasaí agus na gnáis oibre	Mar atá thuas
Sa chás go mbeadh oiliúint ar siúl in áit tamall ó láthair, gar do chéanna neamhfháilithe agus gan áiseanna leithris ar fáil	B	Foirm maidir le Cead/Toiliú arna síniú ag tuismitheoir/caomhnóir maidir le leanbh os cionn 16 bliana d'aois. Duine freagrach i láthair chomh maith maidir le leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois	A chinntiú go mbíonn gach duine d'fhoirme na gcoláistí ar an eolas faoin ngnás oibre agus faoi na cúraimí mar a leagtar amach sa Pholasaí agus sna Gnáis Oibre maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020
Sa chás go mbeadh áis oiliúna e.g. linn snámha, tamall ón áit a bhfuil ionad oiliúna BIM	B	Foirm maidir le Cead/Toiliú arna síniú ag tuismitheoir/caomhnóir agus socraithe taistil arna gcinntiú ag an té sin	A chinntiú go mbíonn gach duine d'fhoirme na gcoláistí ar an eolas faoin ngnás oibre agus faoi na cúraimí mar a leagtar amach sa Pholasaí agus sna Gnáis Oibre maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020
Sa chás go bhféadfadh leanbh/duine óg, i rith seisiúin oiliúna, a bheith in éineacht le daoine fásta i linn snámha, i gceardlann innealtóireachta nó i seomra feistis maidir le hoiliúint dóiteáin	B	Foirm maidir le Cead/Toiliú arna síniú ag tuismitheoir/caomhnóir i gcás leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois. Duine Fásta Freagrach i láthair chomh maith	A chinntiú go mbíonn gach duine d'fhoirme na gcoláistí ar an eolas faoin ngnás oibre agus faoi na cúraimí mar a leagtar amach sa Pholasaí agus sna Gnáis Oibre maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach 2020
Sa chás nach mbeadh cód iompair leagtha amach don lucht foirne agus do dhaoine ar conradh ina sonraítear an cineál iompair atá inghlactha agus an cineál iompair nach	B	Déantar tagairt do cháipéis BIM faoin bpolasaí agus na gnáis oibre	A chinntiú go dtuigeann gach bainisteoir go bhfuil dlite ar gach ball foirne agus gach duine a fhostaítear ar conradh cloí leis an gcód iompair seo

bhfuil inghlactha maidir le caidreamh/obair le leanaí/daoine óga			
Sa chás nach bhfuil cód iompair leagtha amach do na leanaí/daoine óga atá ag freastal ar nó i mbun caidrimh le seirbhísí BIM, ina leagtar amach na rólanna agus na réimsí cúraim atá ar bun d'fhonn iompar tairbheach a spreagadh	B	Déantar tagairt don cháipéis faoin bpolasaí agus na gnáis oibre maidir le leanaí a chumhdach.	Mar a luaitear thuas faoi 25
Sa chás nach luaitear go sonrath i bpolasaí go bhfuil de chúram ar gach ball foirne agus gach duine a fhostaítear ar conradh tuairisc a thabhairt ar aon ábhar buartha maidir le hiompar chomhghleacaí le leanbh/duine óg	B	Déantar tagairt do cháipéis BIM faoin bpolasaí agus na gnáis oibre maidir le leanaí a chumhdach	A chinntiú go mbíonn gach ball foirne agus gach duine a fhostaítear ar conradh ar an eolas faoi na gnáis oibre seo
Sa chás nach mbeadh gnás araíonachta ar bun	B	Tá Gnás Araíonachta agus Gearáin i bhfeidhm	A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar a laghad gach dara bliain maidir le héifeacht an pholasaí seo i ndáil le leanaí a chumhdach
Sa chás nach mbeadh polasaí i bhfeidhm maidir le hoibrí a shaothraíonn go haonarach	B	Déantar tagairt do pholasaí agus do ghnáis oibre BIM maidir le leanaí a chumhdach	A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar a laghad gach dara bliain maidir le héifeacht an pholasaí seo i ndáil le leanaí a chumhdach

<p>Sa chás nach mbeadh gnás oibre leagtha amach maidir le cóip den dearbhú faoi pholasaí maidir le leanaí a chumhdach a chur ar fáil do thuismitheoir nó do chaomhnóir ar sin a iarraidh</p>	<p>B</p>	<p>Tá an gnás seo ar bun</p>	<p>A chinntiú go mbíonn an t-eolas ar fáil, i bhfoirm cruachóipe agus/nó bogchóipe i ndáil le gach seirbhís agus ionad de chuid BIM</p>
<p>Sa chás nach mbeadh leanaí agus daoine óga curtha ar an eolas faoina bheith de cheart acu go gcosnófaí iad, go ndéanfaí comhairle leo agus go gcaithfí le teann measa leo</p>	<p>B</p>	<p>Tá leanaí agus daoine óga curtha ar an eolas faoina bheith de cheart acu go gcosnófaí iad, go ndéanfaí comhairle leo agus go gcaithfí le teann measa leo</p>	<p>A chinntiú go mbíonn tús curtha leis an bpróiseas faoi mhí Márta 2021</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaí frithbhulaíochta leagtha amach i ndáil le leanaí agus le daoine óga</p>	<p>B</p>	<p>Tá polasaí frithbhulaíochta i ndáil le leanaí agus le daoine óga leagtha amach agus déantar a lua i bpolasaí agus i ngnáis oibre BIM maidir le leanaí a chumhdach</p>	<p>A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar an bpolasaí mar chuid den phróiseas athbhreithnithe tráthrialta maidir le leanaí a chumhdach</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaí cumarsáide leagtha amach i ndáil le leanaí a chumhdach</p>	<p>B</p>	<p>Tá polasaí cumarsáide i bhfeidhm i ndáil le leanaí a chumhdach</p>	<p>A chinntiú go ndéantar sin a chur i bhfeidhm agus go dtugtar an polasaí faoi athbhreithniú ar a laghad gach dara bliain</p>
<p>Sa chás nach mbeadh polasaí leagtha amach i ndáil le hoibriú i gcomhar le thuismitheoirí nó caomhnóirí</p>	<p>B</p>	<p>Tá polasaí leagtha amach i ndáil le hoibriú i gcomhar le thuismitheoirí nó caomhnóirí</p>	<p>A chinntiú go dtugtar sin chun críche faoi lár na bliana 2021</p>

Sa chás nach mbeadh polasaí gearáin i bhfeidhm	B	Tá polasaí gearáin i bhfeidhm.	A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ina leith sin ar a laghad gach dara bliain maidir le héifeacht an pholasaí i ndáil le leanaí a chumhdach
Sa chás nach mbeadh plan i bhfeidhm maidir le leanaí a chumhdach ionas go gcinnteofaí cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú i ndáil leis na bunphrionsabail agus na gnáis oibre maidir le leanaí a chumhdach	B	Tá plan 3 bliana maidir le Leanaí a Chumhdach á leagan amach faoi stiúir an duine ainmnithe	A chinntiú go dtugtar an obair sin chun críche faoi lár na bliana 2021 agus go dtugtar an plan faoi athbhreithniú gach 6 mhí agus go mbíonn sin faoi stiúir an duine ainmnithe

NÓTA: Ní foláir do bhaill foirne, do chonraitheoirí, d'fhoghlaimoirí agus do dhaltaí uile BIM a bheith ar an eolas faoina luaitear sa Ráiteas faoi Leanaí a Chumhdach agus déanamh dá réir.

Is leanbh/duine óg aon duine faoi bhun 18 bliana d'aois, ach amháin duine atá nó a bhí pósta (ón 1.1.19 amach, faoin Acht um Fhoréigean Baile 2018, ní féidir feasta le duine faoi bhun 18 bliana d'aois iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda ag iarraidh cead pósta. Is féidir, ina ainneoin sin, le duine pósadh má tugadh cead sin a dhéanamh roimh an 1.1.19 nó sa chás go ndearnadh an t-iarratas roimh an 1.1.19 agus gur tugadh cead ina dhiaidh sin).

Gnáis Oibre

Rinneadh an Ráiteas faoi Leanaí a Chumhdach a leagan amach i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017) agus Leanaí a Chumhdach: Treoir maidir le Polasaí, Gnás Oibre agus Cleachtais (TUSLA).

Leis na gnáis oibre seo a leanas, treisítear le rún BIM maidir le leanaí agus daoine óga a chumhdach le linn dóibh seirbhísí de chuid BIM a thapú:

- Ráiteas BIM maidir le Leanaí a Chumhdach (Mí na Samhna 2020)
- Measúnú baoil agus plean BIM maidir le leanaí a chumhdach (Mí na Samhna 2020)
- Polasaí agus Gnás Oibre BIM maidir le Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach (Mí na Samhna 2020)
- Treoir BIM maidir le cúrsaí rúndachta
- Treoir frithbhulaíochta BIM
- Treoir BIM maidir le sábháilteacht do leanaí ar líne
- Polasaí BIM maidir le CCTV
- Gnás oibre Acmhainní Daonna BIM maidir le hearcaíocht, gnás náisiúnta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána san áireamh
- Cód iompair BIM don lucht foirne maidir lena gcuid caidrimh le leanaí agus daoine óga
- Cód iompair BIM do leanaí agus do dhaoine óga le linn seirbhísí agus áiseanna de chuid BIM a úsáid
- Treoir BIM maidir le hoibrí aonarach
- Polasaí BIM maidir le nochtadh cosanta faisnéise
- Próiseas araíonachta agus gearáin BIM
- Straitéis agus plean gníomhaíochta BIM faoi oiliúint maidir le leanaí a chumhdach
- Polasaí BIM maidir le Cosaint Sonraí

Tá gach gnás oibre agus gach polasaí dá luaitear thuas ar fáil ach iad a iarraidh nó is féidir iad a aimsiú ar láithreán gréasáin BIM, www.bim.ie

Cur i bhFeidhm

Cuireadh an Ráiteas seo faoi Leanaí a Chumhdach ar fáil faoin tráth seo:

- Don uile bhall foirne, conraitheoir agus gníomhaireacht atá ceangailte le BIM.
- Ar a iarraidh, déanfar a chur ar fáil do thuismitheoir/caomhnóir (príomhduine aire) linbh nó dhuine óig atá ag tapú seirbhísí nó bearta a bhaineann le hábhar.
- Déanfar a chur ar fáil freisin don uile foghlaimeoir agus dalta faoi bhun 18 bliana d'aois.
- Nó do TUSLA, gníomhaireacht na leanaí agus an teaghlaigh.

Tá an ráiteas seo ar fáil freisin ar láithreán gréasáin BIM: www.bim.ie

Tá Bord Iascaigh Mhara tugtha don ráiteas seo faoi leanaí a chumhdach a chur i bhfeidhm chomh maith leis na polasaithe agus na gnáis oibre a threiseoidh leis an rún sin leanaí agus daoine óga (faoi bhun 18 bliana d'aois) a choinneáil slán ó dhrochúsáid nó ó dhíobháil, chomh mór agus is féidir sin, an tráth a mbítear ag freastal ar ionad de chuid BIM nó ag tapú áiseanna agus/nó seirbhísí de chuid BIM.

Tabharfar an ráiteas faoi leanaí a chumhdach faoi athbhreithniú tráth nach deireanaí ná dhá bhliain ó dháta eisiúna na cáipéise seo nó chomh luath agus is féidir sa chás go dtarlaíonn athrú ábhartha maidir le gné ar bith dá dtagraítear sa ráiteas.

Ainm: Jim O'Toole

POF, Bord Iascaigh Mhara

Síniú:



Dáta: 30 Samhain 2020






Bord Iascaigh Mhara Child Safeguarding Statement 30112020 GA

Final Audit Report

2021-06-15

Created:	2021-06-15
By:	Sinead O'Brien (sinead.obrien@bim.ie)
Status:	Signed
Transaction ID:	CBJCHBCAABAARO_TgrTqpSRXqxFEoCUTcFn0xrRcloFA

"Bord Iascaigh Mhara Child Safeguarding Statement 30112020 GA" History

-  Document created by Sinead O'Brien (sinead.obrien@bim.ie)
2021-06-15 - 3:37:05 PM GMT- IP address: 137.191.242.130
-  Document emailed to Jim O'Toole (jim.otoole@bim.ie) for signature
2021-06-15 - 3:37:35 PM GMT
-  Email viewed by Jim O'Toole (jim.otoole@bim.ie)
2021-06-15 - 3:42:20 PM GMT- IP address: 137.191.242.130
-  Document e-signed by Jim O'Toole (jim.otoole@bim.ie)
Signature Date: 2021-06-15 - 3:42:35 PM GMT - Time Source: server- IP address: 137.191.242.130
-  Agreement completed.
2021-06-15 - 3:42:35 PM GMT